V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

BORD EORPACH UM RIOSCA SISTÉAMACH

Glao ar léiriú spéise ó shaineolaithe seachtracha lena gceapadh ina gcomhaltaí de Choiste Comhairleach Eolaíoch an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (Frankfurt am Main, an Ghearmáin)

(2022/C 219 A/01)

Réamhrá

I gcomhréir le hAirteagal 4(1) agus (5) agus le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), beidh Coiste Comhairleach Eolaíoch (CCE) ag an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS), a thabharfaidh comhairle agus cúnamh maidir le saincheisteanna atá ábhartha d'obair BERS. I dtaca leis sin de, agus de bharr Airteagal 1(1) de Chinneadh BERS/2011/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ([2]), seolfaidh BERS leis seo próiseas chun comhaltaí CCE a roghnú.

Dá bhrí sin, tá BERS ag iarraidh léiriú spéise ó shaineolaithe seachtracha d'fhonn a gceapadh ina gcomhaltaí de CCE go ceann téarma oifige inathnuaite ceithre bliana. Níl fostaithe na n-institiúidí as a n-earcaíonn Bord Ginearálta BERS a gcomhaltaí ([3]) i dteideal iarratas a dhéanamh, áfach ([4]). Is ar bhonn a n-inniúlachta ginearálta agus a dtaithí éagsúla i réimsí acadúla nó in earnálacha eile, go háirithe i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide nó i gceardchumainn, nó mar sholáthraithe nó mar thomhaltóirí seirbhísí airgeadais a roghnófar na saineolaithe ([5]).

Chun éagsúlacht comhaltaí de CCE a fheabhsú tuilleadh, moltar go háirithe d'iarrthóirí baineanna iarratas a dhéanamh.

1. **BERS agus CCE**

Is comhlacht ar leibhéal an Aontais é BERS atá freagrach as formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal a dhéanamh ar an gcóras airgeadais laistigh den Aontas. I dtaca leis sin de, is é an misean atá aige cuidiú le rioscaí sistéamacha don chobhsaíocht airgeadais a chosc nó a mhaolú. I gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010, tar éis togra a fháil ó Choiste Stiúrtha BERS, déanfaidh Bord Ginearálta BERS saineolaithe seachtracha a fhormheas mar chomhaltaí de CCE agus bunóidh siad liosta ionadaithe.

2. **Ról an Choiste Chomhairligh Eolaíoch**

2.1. Is dlúthchuid de BERS é an Coiste Comhairleach Eolaíoch agus tugann sé comhairle agus cúnamh dó ar Chathaoirleach BERS nó ar Bhord Ginearálta BERS sin a iarraidh air ([6]). Dlitear de chomhaltaí CCE go gcuirfidh siad go mór le sainordú CCE a chur i gcrích. Ag seo a leanas, i measc cúraimí eile, na rannchuidithe a bheidh le tabhairt ag comhaltaí de CCE:

(i) rannchuidithe leis an dóigh le feabhas a chur ar mhodheolaíochtaí anailíseacha chun rioscaí a bhrath agus measúnú a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu ach iad a theacht chun cinn;

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (IO L 331, 15.12.2010, lch. 1).

([2]) Cinneadh ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Eanáir 2011 maidir leis na nósanna imeachta agus na ceanglais a bhaineann le comhaltaí Choiste Comhairleach Eolaíoch an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (BERS/2011/2) a roghnú, a cheapadh agus a ionadú (IO C 39, 8.2.2011, lch. 10).

([3]) An Banc Ceannais Eorpach, bainc cheannais náisiúnta Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún Eorpach, na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta inniúla agus an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais.

([4]) Airteagal 3(2) de Chinneadh BERS/2011/2.

([5]) Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.

([6]) Airteagal 12(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.

(ii) rannchuidithe leis an dóigh le huirlisí éifeachtacha beartais macrastuamachta a cheapadh agus a ghrádú, lena n-áirítear feabhas a chur ar na huirlisí agus ar na samhlacha atá ann cheana chomh maith le huirlisí agus samhlacha nua agus/nó comhlántacha a mholadh;

(iii) cúraimí comhairleacha, lena n-áirítear athbhreithniú oscailte, neamhspleách, anailíseach ar straitéisí stuamachta ar an macraileibhéal agus ar chreataí oibriúcháin, chun rannchuidiú le creat beartais úrscothach BERS a áirithiú.

2.2. Is i mBéarla, teanga oibre BERS, a dhréachtaítear gach doiciméad agus tuarascáil de chuid CCE. Féadfar tuarascálacha ó CCE a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin BERS, i gcás ina ndéanfaidh an Bord Ginearálta sin a údarú ([7]).

2.3. Ina theannta sin, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh CCE comhairliúcháin a eagrú i dtosach le páirtithe leasmhara amhail rannpháirtithe sa mhargadh, comhlachtaí tomhaltóirí agus saineolaithe acadúla, ar bhealach oscailte trédhearcach, agus ceanglas na rúndachta á chur san áireamh ([8]).

2.4. Is gnách gur uair sa ráithe a thionóltar cruinnithe de chuid CCE.

3. **Comhdhéanamh an Choiste Chomhairligh Eolaíoch**

15 shaineolaí, a dhéanann ionadaíocht ar raon leathan scileanna, taithí agus eolais a bhaineann le hearnáil ábhartha uile na margaí airgeadais, a chomhdhéanann CCE. Ina theannta sin, bíonn ionad ag Cathaoirleach an Choiste Chomhairligh Theicniúil (CCT) ar an gCoiste Comhairleach Eolaíoch freisin ([9]). Cé is moite de Chathaoirleach an Choiste Chomhairligh Theicniúil, ní ceadmhach do chomhaltaí CCE a bheith ina bhfostaithe de chuid na n-institiúidí as a n-earcaíonn an Bord Ginearálta a gcomhaltaí ([10]).

4. **An Cathaoirleach agus na Leas-Chathaoirligh**

Is é an Bord Ginearálta a cheapann an Cathaoirleach agus an bheirt Leas-Chathaoirleach ar CCE tar éis togra ó Chathaoirleach BERS ([11]). Déanann Cathaoirleach agus na Leas-Chathaoirligh sealaíocht ar a chéile gach 16 mhí le cathaoirleacht CCE ([12]). Is comhaltaí a bhfuil ceart vótála acu den Bhord Ginearálta iad an Cathaoirleach agus na Leas-Chathaoirligh ([13]). Is comhalta den Choiste Stiúrtha freisin Cathaoirleach CCE ([14]). Tagann an Bord Ginearálta le chéile ceithre huaire sa bhliain ar a laghad ([15]) agus tagann an Coiste Stiúrtha le chéile uair sa ráithe ar a laghad roimh gach cruinniú den Bhord Ginearálta ([16]).

5. **Critéir roghnúcháin**

5.1. I gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010, is ar bhonn a n-inniúlachta ginearálta agus a dtaithí éagsúla i réimsí acadúla nó in earnálacha eile, go háirithe i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide nó ceardchumainn, nó mar sholáthraithe nó mar thomhaltóirí seirbhísí airgeadais a roghnaítear comhaltaí de CCE ([17]).

5.2. Beidh iarratais faoi réir meastóireacht chomparáideach a dhéanfaidh BERS, ar bhonn na gcritéar roghnúcháin seo a leanas go háirithe ([18]):

(i) saineolas cuimsitheach ar earnáil an airgeadais agus ar an ngaol idir sin agus an geilleagar i gcoitinne agus inniúlacht ghinearálta dhearbhaithe ar shaincheisteanna a bhaineann le riosca sistéamach, go háirithe ar leibhéal an Aontais;

(ii) ionchur eolaíoch leis an idirghníomhú idir earnálacha na baincéireachta, na margaí urrús, nó an árachais agus na bpinsean ceirde a thuiscint ([19]);

([7]) Airteagal 12(5) de Chinneadh BERS/2011/1 (IO C 58, 24.2.2011, lch. 4).
([8]) Airteagal 12(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([9]) Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([10]) Airteagal 3(2) de Chinneadh BERS/2011/2.
([11]) Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([12]) Airteagal 5(5) de Chinneadh BERS/2011/2.
([13]) Airteagal 6(1)(g) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([14]) Airteagal 11(1)(i) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([15]) Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([16]) Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([17]) Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([18]) Airteagal 3(1) de Chinneadh BERS/2011/2.
([19]) Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.

(iii) Ph.D. san airgeadas, eacnamaíocht nó réimse ábhartha eile nó cáilíochtaí coibhéiseacha, taithí láidir acadúil in ollscoil (e.g. ollúnacht) i réimse amháin atá ábhartha do BERS nó níos mó ná sin, agus/nó stair láidir foilsithe;

(iv) bheith i gcumas athbhreithniú piaraí a dhéanamh ar obair agus ar fhoilseacháin eolaíochta agus faisnéis agus sainchomhaid chasta a anailísiú;

(v) taithí oibre i dtimpeallacht ildisciplín, i gcomhthéacs idirnáisiúnta más féidir;

(vi) scileanna dearbhaithe cumarsáide scríofa agus béil i mBéarla, de bharr taithí teagaisc, cur i láthair poiblí, rannpháirtíocht ghníomhach i gcruinnithe saineolaithe agus foilseachán.

6. **Critéir bhreise roghnúcháin i gcás an Chathaoirligh agus na Leas-Chathaoirleach**

Ní mór ardleibhéal saineolais agus eolais ábhartha a bheith ag Cathaoirleach agus ag Leas-Chathaoirligh CCE araon, mar shampla de bhua a gcúlra acadúil agus ghairmiúil ar fheabhas in earnálacha na baincéireachta, na margaí urrús nó an árachais agus na bpinsean ceirde. Ní ceadmhach don Chathaoirleach ná do na Leas-Chathaoirligh, mar chomhaltaí den Bhord Ginearálta, aon fheidhmeanna i dtionscal an airgeadais a chomhlíonadh ([20]). Ní mór an Cathaoirleach agus na Leas-Chathaoirligh a bheith ina náisiúnaigh de Bhallstát de chuid an Aontais ([21]).

7. **Nós imeachta um chomhaltaí de CCE a roghnú agus a cheapadh**

7.1. Déanfaidh an Coiste Stiúrtha meastóireacht ar na hiarratais a gheofar i gcomhréir leis na critéir roghnúcháin i mír 5.2 thuas, agus roghnóidh siad iarrthóirí a bheidh le moladh don Bhord Ginearálta mar chomhaltaí de CCE chomh maith le hiarrthóirí atá oiriúnach lena gcur ar liosta ionadaithe ([22]). Le linn dó na hiarratais a mheas agus iarrthóirí a roghnú, comhlánóidh an Coiste Stiúrtha foirm measúnaithe aonair le haghaidh gach iarratasóra, lena n-áireofar achoimre ina dtarraingeofar suntas ar a fhiúntais agus a easnaimh shonracha agus conclúid maidir lena oiriúnacht le ceapadh ina chomhalta de CCE nó le cur le liosta na n-ionadaithe ([23]). Cuirfidh an Coiste Stiúrtha torthaí an phróisis roghnúcháin faoi bhráid an Bhoird Ghinearálta lena bhformheas ([24]).

7.2. Féadfaidh an Bord Ginearálta tograí an Choiste Stiúrtha a fhormheas nó a iarraidh ar an gCoiste Stiúrtha iarrthóirí eile a mholadh mar chomhaltaí de CCE as measc na gcomhaltaí sin nach bhfuil curtha i leataobh aige ([25]).

7.3. Ceapfaidh an Bord Ginearálta Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirligh CCE tar éis togra a fháil ó Chathaoirleach BERS ([26]).

8. **Ceapachán, téarma agus liosta ionadaithe**

8.1. Ceapfar comhaltaí de CCE go ceann téarma oifige in-athnuaite ceithre bliana ([27]). Ina theannta sin, ar thogra ón gCoiste Stiúrtha, féadfaidh an Bord Ginearálta cinneadh a dhéanamh téarma oifige comhalta de CCE a athnuachan nuair a rachaidh sé in éag go ceann ceithre eile bliana ([28]). Thairis sin, féadfaidh an Bord Ginearálta téarma oifige comhalta de CCE a fhoirceannadh i gcomhréir le hAirteagal 8 de Chinneadh BERS/2011/2.

8.2. Is i gcáil phearsanta a cheapfar comhaltaí CCE, agus dá bhrí sin, seachas más é an Cathaoirleach nó más iad na Leas-Chathaoirligh atá i gceist sna cásanna agus faoi na coinníollacha a leagtar amach i gCinneadh BERS/2011/1, ní fhéadfaidh siad a gcuid freagrachtaí a tharmligean chuig comhalta eile nó chuig tríú páirtí ([29]). Beidh sé de cheangal ar chomhaltaí uile CCE freisin an litir cheapacháin ó Chathaoirleach BERS a chomhshíniú, conradh a shíniú le BCE agus na dearbhuithe dá dtagraítear in Airteagal 7 de Chinneadh BERS/2011/2 a sholáthar ([30]).

([20]) Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([21]) Airteagal 5(4) de Chinneadh BERS/2011/2.
([22]) Airteagal 2(1) de Chinneadh BERS/2011/2.
([23]) Airteagal 2(3) de Chinneadh BERS/2011/2.
([24]) Airteagal 2(4) de Chinneadh BERS/2011/2.
([25]) Airteagal 6(1) de Chinneadh BERS/2011/2.
([26]) Airteagal 6(2) de Chinneadh BERS/2011/2.
([27]) Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([28]) Airteagal 8(4) de Chinneadh BERS/2011/2.
([29]) Airteagal 6(3) de Chinneadh BERS/2011/2.
([30]) Airteagal 6(4) de Chinneadh BERS/2011/2.

8.3. Maidir le hiarrthóirí nach gceapfar ina gcomhaltaí de CCE nó nach gcuirfear i leataobh sa phróiseas roghnúcháin, coinneofar ar liosta na n-ionadaithe iad ([31]). I gcás folúntais, féadfar cuireadh a chur ar na hiarrthóirí ar liosta na n-ionadaithe sin é a líonadh ([32]). Mar sin féin, ní hionann duine a bheith ar liosta na n-ionadaithe agus ráthaíocht go gceapfar é nó í. Beidh liosta na n-ionadaithe bailí go ceann tréimhse dhá bhliain tar éis a fhormheasta agus féadfar a bhailíocht a shíneadh go dtí go bhfoilseofar glao nua ar léiriú spéise ([33]).

9. **Slánaíochtaí agus aisíocaíocht costas**

9.1. Beidh comhaltaí de CCE i dteideal slánaíochtaí agus aisíocaíocht costas a bhaineann lena rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí CCE. Íocfaidh BCE na slánaíochtaí agus an aisíocaíocht sin i gcomhréir le míreanna 9.2 go 9.5 den ghlao seo ar léiriú spéise agus leis na téarmaí tagartha maidir le haisíocaíocht costas a dheanfaidh na saineolaithe a cheapfar ina gcomhaltaí de CCE (i gceangal mar Iarscríbhinn leis an nglao seo ar léiriú spéise). Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 11(4) de Chinneadh BERS/2011/1, rachfar i gcomhairle leis an mBord Ginearálta faoi na téarmaí agus na coinníollacha a chinnfidh BCE maidir leis na slánaíochtaí agus an aisíocaíocht costas laistigh den bhuiséad a leithdháilfidh BCE chuige sin.

9.2. Is iad seo a leanas na slánaíochtaí do chomhalta de CCE nach bhfuil ag feidhmiú mar Chathaoirleach ná Leas-Chathaoirleach ar CCE:

(i) EUR 500 as rannpháirtíocht an tsaineolaí: (1) ar chruinniú nithiúil lae iomláin de CCE; (2) ar chruinniú nithiúil lae iomláin de CCT; (3) ar aon chruinniú eile lae iomláin de BERS; (4) nó ar aon imeacht eile lae iomláin de chuid BERS a bhfreastalóidh sé nó sí ina cholainn/colainn féin air, le comhaontú Cheann Rúnaíocht BERS;

(ii) EUR 250 as rannpháirtíocht an tsaineolaí: (1) ar chruinniú nithiúil leathlae de CCE; (2) ar chruinniú nithiúil leathlae de CCT; (3) ar aon chruinniú eile leathlae de BERS; (4) nó ar aon imeacht leathlae eile de chuid BERS ar fhreastail sé nó sí ina cholainn/colainn féin air, le comhaontú Cheann Rúnaíocht BERS;

(iii) EUR 62,50 in aghaidh na huaire as rannpháirtíocht an tsaineolaí trí theileachomhdháil nó trí fhíschomhdháil ar aon cheann de na cruinnithe nó imeachtaí thuasluaite de chuid BERS;

(iv) cnapshuim EUR 500 a íocfar as gach ceann de na cruinnithe dá dtagraítear faoi (i) go (iii) thuas, as gníomhaíochtaí a dhéanfaidh an saineolaí mar ullmhúchán le haghaidh cruinnithe agus mar obair leantach air, ar chuntar gurb amhlaidh a ghlacfaidh an saineolaí páirt sa chruinniú ábhartha.

9.3. Is iad seo a leanas na slánaíochtaí do chomhalta de CCE atá ag feidhmiú mar Chathaoirleach nó mar Leas-Chathaoirleach:

(i) EUR 1 000 as rannpháirtíocht an tsaineolaí: (1) ar chruinniú nithiúil lae iomláin de CCE; (2) ar chruinniú nithiúil lae iomláin den Choiste Stiúrtha; (3) ar chruinniú nithiúil lae iomláin de CCT; (4) ar aon chruinniú eile lae iomláin de BERS; (5) nó ar aon imeacht eile lae iomláin de chuid BERS a bhfreastalóidh sé nó sí ina cholainn/colainn féin air, le comhaontú Cheann Rúnaíocht BERS;

(ii) EUR 1 000 as rannpháirtíocht nithiúil an tsaineolaí ar chruinniú Bhord Ginearálta BERS;

(iii) EUR 500 as rannpháirtíocht an tsaineolaí: (1) ar chruinniú nithiúil leathlae de CCE; (2) ar chruinniú nithiúil leathlae den Choiste Stiúrtha; (3) ar chruinniú nithiúil leathlae de CCT; (4) ar aon chruinniú eile leathlae de BERS; (5) nó ar aon imeacht eile leathlae de chuid BERS a bhfreastalóidh sé nó sí ina cholainn/colainn féin air, le comhaontú Cheann Rúnaíocht BERS

(iv) EUR 125 in aghaidh na huaire as rannpháirtíocht an tsaineolaí trí theileachomhdháil nó trí fhíschomhdháil ar aon cheann de na cruinnithe nó imeachtaí thuasluaite de chuid BERS;

(v) cnapshuim EUR 1 000 a íocfar as gach ceann de na cruinnithe dá dtagraítear faoi (i) nó (iii) thuas, as gníomhaíochtaí a dhéanfaidh an saineolaí mar ullmhúchán le haghaidh cruinnithe agus mar obair leantach air, ar chuntar gurb amhlaidh a ghlacfaidh an saineolaí páirt sa chruinniú ábhartha.

([31]) Airteagal 4(1) de Chinneadh BERS/2011/2.
([32]) Airteagal 4(2) de Chinneadh BERS/2011/2.
([33]) Airteagal 4(3) de Chinneadh BERS/2011/2.

9.4. EUR 15,000 in aghaidh an chomhalta de CCE nach bhfuil ag feidhmiú mar Chathaoirleach ná mar Leas-Chathaoirleach ar CCE, nó EUR 35 000 in aghaidh an chomhaltaí de CCE atá ag feidhmiú mar Chathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach ar CCE an teorainn a bheidh le huasmhéid na slánaíochtaí in aghaidh na bliana féilire as obair ullmhúcháin agus as freastal ar chruinnithe (gan costais taistil, lóistín in óstán agus costais chothaithe a chur san áireamh).

9.5. Ina theannta sin, déanfar costais taistil, costais lóistín in óstán agus, i gcás inarb iomchuí, costais chothaithe a dhéanfaidh na comhaltaí de CCE le cruinnithe a bhaineann lena sainordú a aisíoc i gcomhréir leis na téarmaí tagartha i leith aisíocaíocht costas a dhéanfaidh na saineolaithe a cheapfar ina gcomhaltaí de CCE.

10. **An neamhspleáchas, dearbhuithe tiomantais agus leasa, agus an rúndacht ghairmiúil**

10.1. Beidh ceapadh comhaltaí de CCE faoi réir soláthar dearbhuithe lena ngeallfaidh na comhaltaí go ngníomhóidh siad go neamhspleách ar aon tionchar seachtrach agus gurb é leas poiblí an Aontais an treoir a bheidh acu. Chun na críche sin, déanfaidh na hiarrthóirí a roghnófar dearbhú tiomantais i scríbhinn agus dearbhú leasanna ina léireofar aon leasanna díreacha nó indíreacha a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach i dtaobh a neamhspleáchais nó dearbhú ina léireofar gan leasanna den sórt sin a bheith acu ([34]).

10.2. Síneoidh na hiarrthóirí a roghnófar ina gcomhaltaí de CCE dearbhú i scríbhinn á rá go gcomhlíonann siad na rialacha rúndachta ([35]).

10.3. Tabharfaidh comhaltaí de CCE gealltanas freisin cloí le Cód Iompair BERS ([36]), a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh BERS/2011/3 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ([37]).

10.4. Ina theannta sin, síneoidh comhaltaí de CCE a cheapfar ina gCathaoirleach nó ina Leas-Chathaoirleach dearbhú i scríbhinn freisin á dhearbhú nach bhfuil aon fheidhm acu i dtionscal an airgeadais ([38]).

10.5. Beidh comhaltaí CCE faoi réir na n-oibleagáidí rúndachta gairmiúla a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.

11. **Sonraí pearsanta a láimhseáil i gcomhthéacs an ghlao seo ar léiriú spéise**

11.1. Déanfaidh BERS na sonraí pearsanta go léir a gheofar i gcomhthéacs an ghlao seo ar léiriú spéise a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([39]) agus i gcomhréir le gníomhartha dlí lena leasaítear nó lena n-ionadaítear na forálacha sin.

11.2. Gheobhaidh an Coiste Stiúrtha agus an Bord Ginearálta sonraí pearsanta na n-iarratasóirí.

11.3. Is é BERS rialaitheoir na hoibríochta próiseáilte sonraí sin agus tá Ceann Rúnaíocht BERS i gceannas ar an aonad a bhfuil sé de chúram air na sonraí pearsanta sin a phróiseáil. Maidir le gach ceist a bhaineann le sonraí pearsanta, féadann ábhair sonraí teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí BCE ag dpo@ecb.europa.eu.

11.4. Is é is cuspóir don phróiseáil sonraí roghnúchán ball de CCE a eagrú agus liosta ionadaithe a bhunú. Is chun na críche sin amháin a phróiseálfar na sonraí pearsanta uile.

11.5. Trí na sonraí pearsanta a iarrtar a chur ar fáil, toilíonn iarratasóirí lena mbailiú agus lena bpróiseáil ag BERS. Féadfaidh iarratasóirí a dtoiliú a tharraingt siar tráth ar bith ach teagmháil a dhéanamh le info@esrb.europa.eu agus cóip a chur chuig ascapplications@esrb.europa.eu. Stopfaidh an uile phróiseáil ar fhaisnéis phearsanta iarratasóra ach a dtarraingeofar siar an toiliú, mar sin féin beidh próiseáil ar bith a rinneadh sular tarraingíodh siar an toiliú fós dleathach. Má tharraingítear siar toiliú, tarraingeofar siar an t-iarratasóir ón nglao ar léiriú spéise.

11.6. Tá sé de cheart ag ábhair sonraí rochtain a fháil ar a sonraí pearsanta agus ceartú aon sonraí pearsanta atá míchruinn nó neamhiomlán a iarraidh. Mar sin féin, i gcomhréir le prionsabail na rochtana comhionainne, na hiomaíochta córa, na trédhearcachta agus an neamh-idirdhealaithe, agus lena áirithiú go mbeidh an nós imeachta roghnúcháin trédhearcach cothrom le haghaidh gach iarrthóra, ní fhéadfar sonraí lena léirítear go bhfuil na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin á gcomhlíonadh a thabhairt cothrom le dáta ná a cheartú tar éis dháta deiridh an ghlao seo ar léiriú spéise.

([34]) Airteagal 7(1) de Chinneadh BERS/2011/2.
([35]) Airteagal 7(2) de Chinneadh BERS/2011/2.
([36]) Airteagal 7(4) de Chinneadh BERS/2011/2.
([37]) Cinneadh ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 25 Márta 2011 lena nglactar Cód Iompair an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (BERS/2011/3) (IO C 140, 11.5.2011, lch. 18).
([38]) Airteagal 7(3) de Chinneadh BERS/2011/2.
([39]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

11.7. Tá sé de cheart ag iarratasóirí rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhaineann leis an meastóireacht a dhéantar ar a n-iarratas i rith an nós imeachta. Chun rúndacht phlé agus chinnteoireacht an Choiste Stiúrtha agus an Bhoird Ghinearálta a choimirciú agus chun cearta agus saoirsí na n-iarrthóirí eile a chosaint, beidh rochtain na n-iarratasóirí teoranta dá n-aighneacht féin agus do na codanna sin den mheasúnú a bhaineann leo.

11.8. Coimeádfaidh Rúnaíocht BERS sonraí pearsanta uile na n-iarratasóirí go ceann na dtréimhsí ama thíos:

(i) coimeádfaidh Rúnaíocht BERS sonraí a bhaineann le comhaltaí ceaptha de chuid CCE go ceann tréimhse cúig bliana tar éis do théarma oifige na gcomhaltaí dul in éag;

(ii) tar éis dul in éag do bhailíocht liosta na n-ionadaithe, coimeádfar sonraí a bhaineann leis na hiarrthóirí atá liostaithe ann go ceann tréimhse dhá bhliain;

(iii) coimeádfar sonraí a bhaineann le hiarratasóirí nár éirigh leo go ceann tréimhse dhá bhliain tar éis an nós imeachta roghnúcháin a chur i gcrích;

(iv) i gcás díospóide dlí, cuirfear fad leis na tréimhsí ama thuasluaite go ceann dhá bhliain tar éis na himeachtaí ábhartha uile a bheith curtha i gcrích.

11.9. Tá ábhair sonraí i dteideal dul ar iontaoibh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí tráth ar bith.

11.10. Déanfar ainmneacha chomhaltaí CCE agus a gcleamhnaithe, maille leis na dearbhuithe a luaitear i roinn 10, a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin BERS ([40]).

12. **Nós imeachta chun iarratas a dhéanamh**

12.1. Is i mBéarla amháin a fhéadfar iarratais a chur isteach tríd an bhfoirm iarratais atá ar fáil ar shuíomh gréasáin BERS (www.esrb.europa.eu) a líonadh isteach agus trí curriculum vitae a chur isteach i bhformáid Europass (ar fáil ar: https://europass.cedefop.europa.eu/).

12.2. Ní mór iarratais a chur isteach tráth nach déanaí ná 23:59 (Am Lár na hEorpa) an 24 Meitheamh 2022.

12.3. Is féidir iarratais a chur isteach trí ríomhphost chuig: ascapplications@esrb.europa.eu.

12.4. Déanfar iarratais a eisiamh sna cásanna seo a leanas:

(i) má chuirtear isteach i ndiaidh an spriocdháta nó ar mhodh eile iad (e.g. trí fhacs); nó

(ii) más rud é go bhfuil siad doiléir nó neamhiomlán ina substaint; nó

(iii) mura gcuirtear isteach i mBéarla iad.

12.5. Ní mór d'iarratasóirí aon athrú ar a gcás nó ar a seoladh a chur in iúl i scríbhinn do Rúnaíocht BERS gan mhoill.

12.6. Scrúdófar gach iarratas ar bhonn na gcritéar atá leagtha amach thuas. Cuirfear na hiarratasóirí go léir ar an eolas faoi thoradh an phróisis roghnúcháin agus ceapacháin.

13. **Dlínse**

I gcásanna dlíthíochta, beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

([40]) Airteagal 11(5) de Chinneadh BERS/2011/1.

IARSCRÍBHINN

Téarmaí tagartha maidir le haisíocaíocht costas a dhéanfaidh na saineolaithe a cheapfar ina gcomhaltaí de CCE

1. **Riail ghinearálta**

Aisíocann BCE na costais seo a leanas a bhaineann le cruinnithe de CCE ar chuntar nach mbeidh siad clúdaithe ag tríú páirtí. Má bhíonn an saineolaí i dteideal aisíocaíocht a fháil ó thríú páirtí as costais a chlúdódh BCE murach sin i ndáil le rannpháirtíocht an tsaineolaí ar chruinniú de CCE (e.g. eitilt fillte ó imeacht eile a aisíoc, ar eitilt isteach í sin le haghaidh an chruinnithe de CCE an tráth céanna), ba cheart don saineolaí BCE a chur ar an eolas faoi sin agus déanfaidh BCE cinneadh maidir le costais den sórt sin a chlúdach.

2. **Costais taistil**

2.1. *Ginearálta*

Aisíocann BCE taisteal fillte idir áit chónaithe an tsaineolaí agus ionad an chruinnithe i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas. Sna cásanna ina n-iarrfar aisíocaíocht as taisteal idir áit nach áit chónaithe an tsaineolaí agus ionad an chruinnithe, ba cheart don saineolaí fógra a thabhairt do BCE roimh ré chun raon feidhme féideartha na haisíocaíochta ó BCE a shuí.

2.2. *Bealach an iarnróid*

Aisíocann BCE taisteal sa chéad ghrád leis an traein, lena n-áirítear, i gcás inar gá, aon fhormhuirir ar thraenacha speisialta a úsáid (ICE, IC, CE, etc.) ar bhonn an bhealaigh is áisiúla agus is tapúla agus ar chuntar gur ticéid iarnróid iarbhír a chuirfear isteach. Ba cheart don saineolaí féachaint le leas a bhaint as táillí áirithinte luaithe.

2.3. *Bealach an aeir*

Ní dhéantar aerthaisteal a aisíoc i bprionsabal ach amháin ar bhonn an bhealaigh is áisiúla agus is tapúla agus más amhlaidh a mhairfeadh an turas malartach le traein breis agus ceithre uair an chloig in aghaidh an lae. Aisíocann BCE ticéid fillte le haghaidh eitilt dhíreach, ar chuntar go gcuirfear isteach pasanna iarbhír bordála (a d'fhéadfaí a bheith ina n-asphriontaí de phasanna bordála bunaithe ar thicéid leictreonacha). Mura gcomhaontaítear a mhalairt i gcás sonrach, aisíoctar ticéid grád barainne as eitiltí laistigh den Aontas Eorpach agus aisíoctar ticéid ghnó nó ticéid grád barainne as eitiltí ar bhealaí eile. Ba cheart don saineolaí féachaint le leas a bhaint as táillí áirithinte luaithe.

2.4. *Taisteal le carr*

Má thaistealaíonn an saineolaí le carr príobháideach, aisíocfaidh BCE coibhéis ticéid iarnróid fillte den chéad ghrád idir an stáisiún iarnróid is gaire d'áit chónaithe an tsaineolaí agus ionad an chruinnithe. Cumhdóidh an íocaíocht sin na costais uile a bhaineann le húsáid an chairr. Ba cheart don saineolaí fianaise ar phraghas an ticéid iarnróid a chur isteach leis an éileamh. Ní bheidh BCE faoi dhliteanas i leith aon damáiste, díobháil nó caillteanas de dheasca an turais. Thairis sin, diúltaíonn BCE dliteanas i leith aon chostais a thagann chun cinn mar thoradh ar chionta líomhnaithe nó iarbhír a dhéanfar agus a sháróidh dlíthe agus rialacháin um thrácht ar bhóithre. Ní aisíocann BCE costais le carranna a thógáil ar cíos.

2.5. *Tacsaithe agus iompar poiblí*

Aisíocann BCE táillí taistil le tacsaithe nó le hiompar poiblí go dtí/ón aerfort/stáisiún iarnróid agus idir an t-óstán/áit chónaithe agus ionad an chruinnithe, ar chuntar go gcuirfear isteach billí nó ticéid iarbhír tacsaí nó iompair phoiblí. Ba cheart don saineolaí iarracht a dhéanamh iompar poiblí seachas tacsaithe a úsáid nuair a bhíonn seirbhís leordhóthanach ar fáil agus go háirithe i gcásanna ina mbeadh an bille tacsaí os cionn EUR 50.

2.6. *Naisc iompair a chailleadh*

Mura dté an saineolaí ar bord na traenach nó na heitilte agus gan faillí an oibreora iarnróid ná aerlíne a bheith ann agus má chailleann sé nó sí an cruinniú dá dheasca, ní bheidh an saineolaí i dteideal aon aisíocaíochtaí a fháil a bhaineann leis an gcruinniú sin.

3. **Costais lóistín in óstán**

Aisíocann BCE costais réasúnta as seomra óstáin (áitíocht aonair agus seomra folctha agus bricfeasta ann) le haghaidh an líon is lú oíche a bheidh ag teastáil chun freastal ar an gcruinniú. Ní aisíoctar ilchostais, e.g. mionbheár, glaonna teileafóin, úsáid idirlín, níochán, nó aon seirbhís eile a thairgeann an t-óstán. Má dhéanann BCE margadh faoi rátaí lascainithe le hóstáin, cuirfear liosta óstán a thairgeann rátaí speisialta ar fáil d'aíonna BCE agus dlitear den saineolaí óstán ón liosta nó óstán eile laistigh den raon praghsanna céanna a úsáid. Ba cheart don saineolaí íoc as an seomra óstáin agus an admháil a chur san áireamh san éileamh ar aisíocaíocht. Ba cheart don saineolaí dul i dteagmháil le BCE má bhíonn cúnamh de dhíth chun an chóiríocht a shocrú.

4. **Béilí**

Is iondúil go soláthrófar sólaistí agus béilí le linn an chruinnithe. I gcásanna nach gcuirfidh BCE lón nó dinnéar ar fáil, féadfaidh an saineolaí suas le EUR 50 a éileamh in aghaidh gach lóin agus dinnéir le linn na tréimhse a bheidh an saineolaí ann chun freastal ar an gcruinniú, ar chuntar go gcuirfear na hadmhálacha isteach.

5. **Nós imeachta um aisíocaíocht**

5.1. *Costais a shocrú*

Ba cheart don saineolaí costais taistil agus lóistín a íoc, agus aisíocaíocht a fháil ón mBanc Ceannais Eorpach ina dhiaidh sin. Ba cheart don saineolaí éileamh ar aisíocaíocht a chur isteach san fhoirm a cheanglaíonn BCE, na sonraisc/admhálacha bunaidh (e.g. pasanna bordála, ticéid traenach nó fianaise ar chostas an ticéid iarnróid i gcás taisteal leis an gcarr, sonraisc óstáin) a chur i gceangal agus iad a sheoladh ar ais chuig BCE – an Rannán Cuntasaíochta laistigh de 6 mhí tar éis an chruinnithe. Ba cheart go léireofaí go soiléir san éileamh agus sna ceangaltáin cineál na gcostas, dáta an chostais a dhéanamh agus an méid atá á éileamh. Ní ghlacfar le duillíní cárta creidmheasa. Ní aisíocfar, i bprionsabal, costais nach ngabhann sonrasc nó admháil leo. Ba cheart don saineolaí an modh aisíocaíochta is fearr leis nó léi a thabhairt le fios, i.e. aistriú bainc nó seic, chomh maith leis an uimhir ordaithe ceannaigh ábhartha (uimhir OC), má cuireadh a leithéid sin in iúl don saineolaí.

5.2. *Sonraisc chomhroinnte*

I gcás ina gcumhdófar i sonraisc/admhálacha a chuirfear isteach aisíocaíocht daoine atá i dteannta an tsaineolaí, is é an méid a aisíocfar in aghaidh an duine ná méid iomlán an tsonraisc agus é roinnte ar líon na ndaoine a bhfuil an sonrasc á roinnt acu. Mar eisceacht, sa chás sin, féadfaidh BCE glacadh le cóipeanna de shonrasc/admháil roinnte.

5.3. *Rátaí Malairte*

Déanfar éilimh ina n-airgeadraí seachas an euro a íoc ar cóimhéid leis an méid euro. Agus méideanna ina n-airgeadra eachtrach á gcomhshó go euro, is é an ráta malairte a bhí ann an chéad lá den chruinniú ábhartha de BERS nó d'imeacht eile de chuid BERS a chuirfidh BCE i bhfeidhm.

5.4. *Sonraisc in easnamh*

Más rud é, ar bhonn eisceachtúil, nach féidir sonrasc a fháil, nó má caillte an sonrasc bunaidh, ba cheart don saineolaí dearbhú pearsanta sínithe a chur isteach á rá sin. Ar an dearbhú sin a fháil, cinnfidh BCE cé acu a aisíocfar nó nach n-aisíocfar na costais sin.